

Pictiúir faoi Chaibidil, Seachtain 5: *Bandit*



Leo McCann, Self-Portrait as a Bandit, níl an dáta ar eolas. Bailiúchán Ghailearaí Ealaíne Crawford, Corcaí. © eastát an ealaíontóra.

Eolas maidir leis an saothar ealaíne:

Is saothar ealaíne ar pháipéar leis an ealaíontóir Leo McCann é seo. 'Self-Portrait as a Bandit' an t-ainm atá air. Is focal é portráid a úsáidtear i gcomhthéacs ealaíne chun cur síos a dhéanamh ar phéintéireacht, líníocht nó dealbh de dhuine. Sa saothar ealaíne seo, is robálaí, ropaire, é Leo. Tá hata mór á chaitheamh aige agus scairf mórthimpeall ar a aghaidh chun é féin a chur faoi bhréagriocht.

Seo Linn ag Súgradh!

An féidir leat a shamhlú gur duine éigin eile thú? Tarraing do phortráid ach lig ort gur duine éigin eile thú

B'fhéidir gur: robálaí thú nó banríon, duine an-feargach, Spiderman, babaí, taiscéalaí, saighdiúir, duine fásta, fear le féasóg an-fhada, altra, tógálaí, duine

maol, réalta rac-cheoil, eolaí, foghlaí mara, buachaill bó, sionnach óg in uachais, draoi, freastalaí, comhraiceoir dóiteáin, rí, máthair nó seanmháthair
An féidir leat tú féin a shamhlú mar bhabaí beag bídeach? Déan cur síos ar do lá.

Samhlaigh tú féin i gceann 50 bliain: cén chuma a bheidh ort?

An féidir leat cur síos a dhéanamh ar an gcineál saoil a bheidh agat amach anseo?

Cuir tú féin faoi Bhréagriocht!

Ciallaíonn *bréagriocht* an chuma atá ort a athrú, ionas nach n-aithníonn daoine eile thú.

Faigh rudaí ar fud an tí ar féidir leat iad a úsáid chun tú féin a chur faoi bhréagriocht

Fiafraigh de dhuine fásta cead a thabhairt duit roinnt éadaí dá c(h)uid a chur ort, cóta agus péire bróg b'fhéidir

Cuir tú féin faoi bhréagriocht trí hata a chaitheamh, spéaclaí, braillíní, blaincéid nó tuailí gréithe, scairf.

An eachtránaí thú atá imithe i bhfolach? Cén fáth an bhfuil tú i bhfolach agus cé hiad na daoine a bhfuil tú i bhfolach uathu?

Cuir tús le misean fíor-rúnda mar spaire, tarraing cás agus 5 bhréagriocht dhifriúla do do mhisean rúnda.

Tarraing roinnt feisteas iontach ach beag: bain triail as stíleanna gruaige difriúla, gúnaí móra, cótaí, smideadh, croiméil, fiacla bréige, spéaclaí cosanta, corónacha, fallaingí, brait agus sciath.

Céard faoi scéal a scríobh maidir le bheith faoi bhréagriocht? D'fhéadfá a shamhlú gur thaistil tú chuig am nó áit dhifriúil.

B'fhéidir go n-airíonn tú uait do sheantuismitheoirí, d'aintín nó uncail, nó do chol ceathracha. Lig ort go bhfuil saol duine éigin eile á chaitheamh agat, cén cineál saoil a bheadh agat?

B'fhéidir gur ropaire thú. Lig ort gur ropaire thú agus go bhfuil go leor airgid goidte agat. Céard a cheannóidh tú duit féin?